



MAOR CRAOLACHÁIN

Conradh Buan

Tá TG4, an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge, lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is corparáid phoiblí chraolacháin é TG4 atá bunaithe agus á mhaoiniú ag an Rialtas. Is é an tAire Cumarsáide a cheapann Bord TG4. Tá an cainéal ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain ar an Idirlíon. Is foilsitheoir/craoltóir é a fhaigheann formhór a ábhair ón earnáil neamhspleách léiriúcháin, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá sé i gceist ag TG4 post Maor Craolacháin, a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i nGaeltacht na Gaillimhe, a earcú. Beidh an duine a roghnaítear freagrach don Bhainisteoir Oibríochtaí.

Beidh tú freagrach as an obair seo a leanas:

- A bheith oilte ar na bogearraí agus ar an trealamh atá in úsáid agus é a oibriú go gairmiúil agus a bheith ar an eolas faoina bhfuil le déanamh i gcás éigeandála.
- Sceideal TG4 a chur go haer
- Monatóireacht a dhéanamh ar Aschur TG4 ar fud na n-ardán
- Maoirsiú a dhéanamh ar Thograí Aschuir (m/sh Ardáin Virgin / Cartlann)
- A dheimhniú go bhfuil an t-ábhar á chraoladh ar ardchaighdeán
- Ábhar d'Aschur TG4 a ullmhú agus a sheiceáil (Spotseiceáil / Mionbhlaistíní a roghnú)
- Maoirsiú a dhéanamh ar Aschur TG4 – (má thiteann muid den aer)
- A dheimhniú go bhfuil Aschur TG4, mar atá geallta againn, ar fáil don Lucht Féachana
- Tuairisciú a dhéanamh ar fhadhbanna faoi réir na dtreoracha reatha
- Na Tuairiscí laethúla a líonadh gach lá faoi réir na dtreoracha reatha

Riachtanais an phoist seo:

- Ní mór céim sa chumarsáid nó taithí theicniúil bliana ar a laghad a bheith ag an iarrthóir.
- Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an obair, go mbeidh ardscoilleana cumarsáide agat, súil ghéar do mhionsonraí, cumas maith eagraithe, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe agat i ról den chineál céanna.
- Beidh eolas maith agat ar ríomhairí, ar na hardáin meán sóisialta agus beidh sé de chumas ionat córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge líofa a bheith agat, idir scríofa agus ó bhéal.

Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, H91 X4T0, roimh 4pm Dé hAoine an 2ú Iúil 2021.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.